


Gael-Choláiste Chill Dara



RÁITEAS SÁBHÁILTEACHTA, SLÁINTE AGUS LEASA

Arna athbhreithniú i gcomhréir leis na Treoirínte maidir le Bainistiú Sábháilteachta agus Sláinte in Iar-Bhunscoileanna




Arna dhaingniú ag an mBord Bainistíochta ar an:

Cathaoirleach

Príomhoide

Areas to be Addressed in the School's Safety Statement

The following areas should be addressed in your school's safety statement:



CLÁR AN ÁBHAIR

Brollach	Réasúnaíocht, Beartas agus Dearbhú Intinne agus Raon
Cuid 1	Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa
Cuid 2	Próifíl na Scoile
Cuid 3	Acmhainní le húsáid
Cuid 4	Róil agus Freagrachtaí
Cuid 5	Measúnú Riosca
Cuid 6	Nósanna imeachta Éigeandála
Cuid 7	Treoir, Oiliúint agus Maoirseacht
Cuid 8	Cumarsáid agus Comhairliúchán
Cuid 9	Monatóireacht, Athbhreithniú agus Nuashonrú

Brollach

1. Nasc leis an Ráiteas Misin

Rinneadh an beartas seo a fhorbairt i gcomhréir lenár Ráiteas Misin:

Is Meánscoil lán-Ghaeilge, chaitliceach, saor ó tháillí í Gael-Choláiste Chill Dara atá mar pháirt lárnach de Phobal na Gaeilge. Soláthraíonn ár scoil oideachas den scoth chun cabhrú le daltaí a mbuanna indibhidiúla a aithint is a bhláthú i gcomhpháirt lena dtuismitheoirí. Is scoil í a chuireann fáilte roimh dhaltaí ó chreidimh is ó chúilraí difriúla a dhéanann comhbhá lenár bhfís, lenár spiorad agus lenár bhfealsúnacht.

2. Réasúnaíocht

Is éard atá i gceist le Córas Bainistíochta Sábháilteachta agus Sláinte i dtimpeallacht scoile ná próiseas leantach a bhfuil mar aidhm aige feabhas leanúnach a chur chun cinn maidir leis an mbealach a bainistítear sábháilteacht sa scoil. Luíonn sé isteach i mbainistiú iomlán na scoile agus cuimsítear ann struchtúr na scoile, gníomhaíochtaí pleanála, cleachtais, nósanna imeachta, agus acmhainní chun sábháilteacht, sláinte agus leas na scoile a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, a athbhreithniú agus a chothabháil.

Leagtar amach sa doiciméad seo an Beartas Sábháilteachta de chuid

Ghael-Choláiste Chill Dara

Nás na Ríogh

Uimhir Rolla 68072i

Tá sé mar chuspóir againn gach iarracht a dhéanamh timpeallacht oibre slán sábháilte a sholáthar dár bhfostaithe agus mic léinn uile, agus comhlíonadh a dhéanamh ar ár ndualgais do chonraitheoirí agus baill an phobail a bhféadfadh ár n-oibríochtaí difear a dhéanamh dóibh. Éilíonn cur i bhfeidhm rathúil an pholasaí seo comhoibriú na foirne go léir. Mar sin, is tábhachtach go léitear a doiciméad go cúramach agus go dtuigeann gach duine a ról ar leith agus na socruithe foriomlána maidir le sláinte agus sábháilteacht i n**Gael-Choláiste Chill Dara**.

Tá sé ar intinn againn athbhreithniú a dhéanamh ar an ráiteas seo i bhfianaise tarlúintí agus forbairtí i n**Gael-Choláiste Chill Dara**. Déantar baill foirne agus daoine eile a spreagadh chun moltaí a dhéanamh ar mhaithe leis an ráiteas a fheabhsú.

3. Beartas agus Dearbhú Intinne

Tuigeann agus dearbhaíonn Bord Bainistíochta Ghael-Choláiste Chill Dara go bhfuil sé de dhualgas air faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ina cháil mar fhostóir timpeallacht scoile shábháilte agus shláintiúil a sholáthar don fhoireann, do na daltaí agus do chuirteoirí chun na scoile. Áirítear i measc an ról sin: -

- Rialú a dhéanamh ar shábháilteacht agus sláinte ag an obair;
- Bainistiú agus eagrú a dhéanamh ar na córais oibre is gá chun na spriocanna sin a bhaint amach;
- Cur chun feidhme a dhéanamh ar na nósanna imeachta is gá chun na spriocanna a bhaint amach.

Glacann an Bord lena dhualgas gach beart réasúnach agus praiticiúil a dhéanamh chun an dóchúlacht go dtarlóidh tionóisc a bhaint agus an díobháil a íoslaghdú sa chás go dtarlaíonn.

Ar an gcaoi chéanna, ceanglaítear ar fhostaithe uile (fostaithe teagaisc agus neamhtheagaisc) le hAcht 2005 comhoibriú a dhéanamh leis an bhfostóir ionas go mbunaítear agus go gcuirtear i bhfeidhm beartais sábháilteachta iomchuí. Ní mór do mhúinteoirí cúram a ghlacadh i leith a ndaltaí agus mar fhostaithe, tá oibleagáidí dlíthiúla orthu freisin faoi Acht 2005. Ar an gcaoi chéanna, tá oibleagáidí dlíthiúla freisin ar fhoireann choimhdeach, foireann feighlithe agus foireann tacaíochta faoi Acht 2005.

Éilítear faoin Acht freisin go nglacann fostaithe cúram réasúnach dá gcuid sábháilteachta féin agus do shábháilteacht daoine eile a ndéanann a ngníomhartha nó neamhghníomhartha difear dóibh; go gcomhoibríonn siad lena bhfostóir; agus go n-úsáideann siad an trealamh cosanta a gcuirtear ar fáil dóibh.

1. Tá Bord Bainistíochta Ghael-Choláiste Chill Dara tiomanta do ghníomhaíochta uile na scoile a bhainistiú ionas gur féidir sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe daltaí agus cuairteoirí uile a chinntiú.
2. Tá sé d'aidhm againn cúrsaí sábháilteachta agus sláinte a bhainistiú ar bhealach cuimsitheach agus réamhghníomhach ionas go mbainfear go leor de na gnéithe a mbíonn ina gcúis agus a mbíonn tionchar acu ar imthosca baolacha agus neamhshábháilte.
3. Is cuid bhunúsach d'fheidhmiú Ghael-Choláiste Chill Dara í an tsábháilteacht ag an obair.
4. Is éard atá sna hoibleagáidí reachtúla a leagtar amach sa Ráiteas Sábháilteachta ná íoschaighdeán cúrsaí sábháilteachta i nGael-Choláiste Chill Dara. Beidh sé mar aidhm againn caighdeán níos airde a bhaint amach.
5. Téitear i gcomhairle le fostaithe in am trátha maidir le guaiseacha a shainnithint, measúnuithe riosca a dhéanamh, oiliúint a eagrú, athbhreithniú a dhéanamh chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar chórais oibre agus ar gach gné den oibríocht a bhaineann le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an obair.
6. Má fhaightear go bhfuil fostaí ar bith freagrach as faillí inmhilleáin a dhéanamh in aon ábhar a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, nó ina c(h)úis nó ina leaschúis le tionóisc trí fhaillí pearsanta, beidh siad faoi réir Gnímh Smachtaithe.
7. Feadfaidh an fhoireann ionadaí sábháilteachta a cheapadh chun comhairle iomlán a éascú idir na fostaithe agus an bhainistíocht chun a chinntiú gur féidir le fostaithe uile an leas is fearr is féidir as caighdeán sábháilteachta.
8. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an Ráiteas Sábháilteachta agus measúnuithe riosca, i gcomhairle leis an Ionadaí Sábháilteachta agus déanfar iad a leasú de réir mar is gá.
9. Cuirfear oiliúint leordhóthanach ar fhostaithe ag gach leibhéal, beag beann ar an áit a bhfuil siad fostaithe, i ndáil le gnéithe sábháilteachta, sláinte agus leasa dá gcuid oibre chun a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi ghuaiseacha a d'fhéadfadh tarlú agus an bearta/na bearta is gá chun iad a shárú.
10. Oibreoidh fostaithe uile i gcomhar lena chéile agus leis an fostóir chun díobháil dóibh féin agus do dhaoine eile a chosc. Ní féidir imthosca maithe a bhaint amach ó thaobh sláinte agus sábháilteachta gan comhoibriú gníomhach na bhfostaithe uile a bheith ann.

Nóta: Is díol suntais é go n-áirítear múinteoirí uile ar chonradh seasta agus ar chonradh sealadach, an fhoireann riaracháin go léir agus Cúntóirí Riachtanais Speisialta uile freisin mar 'fhostaithe' faoi reachtaíocht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa.

4. Raon an bheartais seo

Cuimsítear sa bheartas Sláinte agus Sábháilteachta seo cuid den ullmhúchán a bhaineann leis an Ráiteas Sábháilteachta, mar a éilítear le hAlt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Is doiciméad i scríbhinn an beartais seo ina gcuimsítear dearbhú ar thiomantas an Bhoird Bainistíochta do shábháilteacht, sláinte agus leas a chinntiú i nGael-Choláiste Chill Dara.

Tá an beartas seo le léamh agus le léirmhíniú ina iomláine agus feidhmíonn sé laistigh de chreat chomhbheartais na scoile. Feidhmíonn an beartas freisin laistigh de chreat reachtaíochta agus cuirtear an reachtaíocht seo a leanas san áireamh ann:

- An tAcht Oideachais, 1998
- An tAcht Oideachais (Leas), 2000
- An tAcht um Stádas Comhionann, 2000
- An tAcht Comhionannais, 2004

- Na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990 agus 2007.
- An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004
- Na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003.
- An tAcht um Dhliteanas Áititheoirí, 1995
- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) 2001
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005
- Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2001
- Cód Cleachtais 2007 maidir leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) 2001

5. Gluais ó Threoiríníte an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, foinse: www.hsa.ie

Iniúcháireacht: I gcomhthéacs bhainistíocht sábháilteachta agus sláinte, is próiseas struchtúrtha í iniúcháireacht ina ndéantar eolas neamhspleách a bhailiú maidir le héifeachtacht, le héifeachtúlacht agus le hiontaofacht an chórais ghinearálta um bhainistíocht sábháilteachta agus sláinte, chomh maith le pleananna comhghníomhaíochta a leagadh amach.

Fostaithe/foireann: Chun go mbeadh sé níos éasca a léamh, úsáidtear an focal ‘fostaí’ in ionad an fhocail ‘foireann’ i mórán cásanna. Nuair a luaitear an focal ‘fostaí’, is féidir leis an léitheoir ‘foireann’ a bhaint as seo. Tá an sainmhíniú ar fhostaí leagtha amach in Alt 2(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Guais: Is í guais rud ar bith a d’fhéadfadh díobháil a dhéanamh do dhaoine, do réadmhaoin nó don timpeallacht. Is féidir le hábhar oibre, píosa trealaimh nó modh nó cleachtas oibre a bheith i gceist anseo.

Sainaithe Guaise: Is é seo an próiseas ina shainaitheann dálaí nó imeachtaí a d’fhéadfadh cumas gortaithe nó díobháil do shláinte an duine a bheith mar thoradh orthu.

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA): Is é comhlacht náisiúnta na hÉireann atá freagrach as sábháilteacht agus sláinte ag an obair a chinntiú. Eagraíocht stát-urraithe is ea é a bunaíodh faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair agus déanann sé tuairisciú chuig an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta. Tá an tÚdarás freagrach as gach cineál áit oibre agus as gach cineál oibre sna hearnálacha poiblí agus príobháideach

Indéanta le Réasún: Is é an míniú a thugtar ar “indéanta le réasún” sa reachtaíocht go bhfuil “an aire cheart go léir déanta ag fostóir trí na bearta cosanta agus coisctheacha is gá a chur i bhfeidhm, tar éis do na guaiseacha ionchasacha a shainaitheann agus tar éis measúnú a dhéanamh ar na rioscaí gaolmhara don tsábháilteacht agus don tsláinte, ar dhóigh go mbeadh timpiste nó gortú don tsláinte mar thoradh orthu san ionad oibre lena mbaineann agus go bhfuil sé díreireach go mór aon bhearta breise a chur i bhfeidhm.” D’fhéadfaí a thuiscint le “indéanta le réasún” an méid a dhéanadh duine réasúnta ag féachaint do na himthosca ar leith.

Riosca: Maidir le gortú nó díobháil ar bith, ciallaíonn riosca an dóchúlacht go dtarlóidh gortú nó díobháil agus déine na n-iarmhairtí a d’fhéadfadh a eascairt as an riosca. Braitheann riosca freisin ar líon na ndaoine a thagann i dteagmháil leis an nguais.

Rialúcháin/Bearta Rialúcháin: Glactar leis na réamhchúraimí seo chun rioscaí a íoslághdú nó chun deireadh a chur leo mar gheall ar an measúnú riosca.

Measúnú Riosca: Is é measúnú riosca an próiseas ina shocraítear an mbaineann riosca le guais shainaitheanta. Socraítear tábhacht an riosca bunaithe ar mhíniú an tarlaithe féideartha agus ar dhéine a iarmhairtí.

An Coiste Sábháilteachta: Coiste atá comhdhéanta d’ionadaithe lucht bainistíochta agus fostaí a ghlacann páirt sna socruithe comhairliúcháin sábháilteachta san áit oibre.

Córas Bainistíochta Sábháilteachta agus Sláinte (CBS): Déanann sé seo tagairt don chuid sin de chóras bainistíochta ghinearálta na scoile ina gcuirtear san áireamh an struchtúr eagraíochtúil, gníomhaíochtaí pleanála, freagrachtaí,

cleachtais, nósanna imeachta agus acmhainní chun beartas sábháilteachta agus sláinte na scoile a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, a bhaint amach, a athbhreithniú agus a chothabháil.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005: An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, a tugadh isteach in ionad an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 agus a rinne an tAcht sin a chúlghairm, tugadh isteach é chun foráil bhreise a dhéanamh le haghaidh shábháilteacht, sláinte agus leas na ndaoine ag an obair. San Acht seo, soiléirítear agus cuirtear feabhas ar fhreagrachtaí na bhfostóirí, na ndaoine féinfhostaithe, na bhfostaithe agus páirtithe éagsúla eile maidir le sábháilteacht agus sláinte ag an obair. Tugtar sonraí san Acht freisin ar ról agus ar fheidhmeanna an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, déantar foráil ann le haghaidh réimse beart forfheidhmithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm agus luaitear pionóis ann a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm toisc sárú a bheith déanta ar shábháilteacht agus ar shláinte cheirde.

1. Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa

Gael-Choláiste Chill Dara

Seanbhóthar Luimnigh
Nás na Ríogh
Co Chill Dara W91 E282
Uimhir Rolla 680721
Fón/Faics 045 898294
www.gccd.ie
eolas@gccd.ie



Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa 2019 -2020

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, is é polasaí an Bhoird Bhainistíochta /an Choiste Ghairmoideachais, sa mhéad go bhfuil sé indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne go léir ag an obair a chinntiú, agus daltaí, cuairteoirí, conraitheoirí agus pearsana eile ag an scoil a chosaint ó ghortú nó easláinte a éiríonn as gníomhaíochtaí oibre ar bith. Éilíonn cur i bhfeidhm rathúil an bheartais seo tacaíocht iomlán agus comhoibriú gníomhach fhoireann, chonraitheoirí agus dhaltaí na scoile.

Tá sé aitheanta gur riachtanais dlí iad sainaitheint ghuaiseacha, measúnú riosca agus bearta rialúcháin a chaithfidh an fostóir a dhéanamh chun sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne go léir a chinntiú.

Tógann an Bord Bainistíochta/Coiste Gairmoideachais orthu féin mar fhostóirí na rudaí seo a leanas a dhéanamh, sa mhéad go bhfuil sé indéanta le réasún:

(a) caighdeáin sábháilteachta, sláinte agus leasa a chomhlíonann le forálacha agus riachtanais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus reachtaíocht ábhartha eile, caighdeáin agus cóid chleachtais a chur chun cinn;

(b) eolas, oiliúint, treoir agus maoirsiú a chur ar fáil nuair is gá chun a chur ar cumas na foirne a gcuid oibre a dhéanamh go sábháilte agus go héifeachtach.

(c) suim leanúnach agus sheasmhach a chothú i gcúrsaí sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le gníomhartha na scoile;

(d) feabhas leanúnach a chur ar an gcóras atá i bhfeidhm chun sábháilteacht agus sláinte cheirde a bhainistiú agus athbhreithniú a dhéanamh air go tréimhsiúil chun a chinntiú go leanann sé ar aghaidh le bheith ábhartha, cuí agus éifeachtach;

(e) dul i gcomhairle leis an bhfoireann maidir le cúrsaí atá bainteach le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair;

(f) na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil chun sábháilteacht, sláinte agus leas iad sin go léir a bhfuil dualgas cúraim orthu a chinntiú, lena n-áirítear foireann, daltaí, conraitheoirí agus cuairteoirí.

Tá an Bord Bainistíochta tiomanta do ról gníomhach a bheith acu maidir le cur i bhfeidhm an pholasaí sábháilteachta, sláinte agus leasa cheirde seo agus athbhreithniú agus leasú a dhéanamh air de bhun athruithe sa reachtaíocht, taithí agus forbairtí ábhartha eile.

Arna dhaingniú 09/09/19

Síniú: _____ Dáta: _____


Cathaoirleach, Bord Bainistíochta

2. Próifíl na Scoile

2.1 Próifíl na Scoile

Is meánscoil mheasctha lán-Ghaeilge é Gael-Choláiste Chill Dara atá lonnaithe i Nás na Ríogh, Co. Chill Dara agus atá faoi phátrúnacht an Forais Pátrúnachta. Tá thart ar 353 dalta ag freastal ar an scoil faoi láthair. Ag obair sa scoil, tá thart ar 25 múinteoir, cúntóir riachtanas speisialta amháin (1), rúnaí amháin (1), duine amháin (1) ag obair i rannóg na gcuntas, feighlí amháin (1), glantóir páirtaimseartha amháin (1) agus glantóir páirtaimseartha amháin (1) ar conradh. Tógadh foirgneamh na scoile in 1970 agus is le Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) Chill Dara agus Chill Mhantáin. Rinneadh BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin an scoil a athchóiriú le linn na scoilbhliana 2013-2014.

2.2 Struchtúr na hEagraíochta



Bord Bainistíochta

Tomás ó Póil (Cathaoirleach)
 Anita Mhic Ghib (Foras)
 Dara Ó Maitiú (Foras)
 Finola Nic an Iomaire (Foras)
 Philip Lavelle (Tuismitheoir)
 Yvonne McDonnell (Tuismitheoir)
 Helena Ní Bhrollacháin (Múinteoir)
 Marcas Ó Loinneacháin (Múinteoir)

Foireann na Scoile

Amanda Ní Dhuibhir (Sos Gairme), Conor Ó Mathúna, Janice Ní Bhriain, Daithí Mac a' Bhaird, Norita Ní Cheallaigh, Denise Ní Fhaoláin, Aoife Ní Ruairc, Edel Myles, Claire Ní Chreadáin, Helena Ní Bhrollacháin, Dean Ó Domagáin, Jillian Ní Bhroin, Marcas Ó Loinneacháin, Gillian Ní Néill, Liz Ní Fhaoláin, Pádraig Ó hÁinle (sos Gairme), Brian Ó Laighin, Siobhán Ní Chorcóra, Cathal Ó Murchú, Louise Ní Cheallaigh, Darryl Ó Maoilchiaráin, Éilis Ní Fhearráin, Siobhain Grogan, Mícheál Ó Muirchéartaigh, Cáit Nic Aonghusa, Eanna Corry, Geraldine Ní Fhlatharta, Brenda Bermingham, Rosa Terrassa Crespi, Fiona Moore, Paula Chadwick, Helen Ní Mhurchú, Declan Crowe, Geraldine Aylesbury.

2.3 Foirgnimh agus Saoráidí Scoile

Seomraí ar Urlár 1

Seomra	Líon na seomraí	Le / Gan Seomra Stórais
Seomraí Ranga	12	0
Saotharlanna Eolaíochta	2	2
Seomra Ealaíne	1	1
Seomra Eacnamaíocht Bhaile	1	2
Ríomhlann	1	0
Seomra Teicneolaíochta	1	1
Tacaíocht Foghlama / Acmhainn	2	0
Halla Spóirt	1	0
Seomra Feistis / Ceatha	2	0
Bloc Leithris Daltaí - Fireann	1	0
Bloc Leithris Daltaí - Baineann	1	0
Bloc Leithris Foirne- Fireann	1	0
Bloc Leithris Foirne - Baineann	1	0
Leithreas Aonair	1	0
Leabharlann	1	2
Stóras na nGlantóirí	1	0
Oifig na Scoile	1	0
Oifig an Leas-Phríomhoide	1	0
Stóras Ginearálta	1	0
Seomra COMMS	1	0
Seomra Seirbhísí	1	0
Seomra Leictreachais	1	0
Seomra Coire Gáis	1	0

Is ann do 2 charrchlós, 2 chlós, 1 chlós imeartha agus 1 pháirc imeartha.

Seomraí ar Urlár 1

Seomra	Líon na seomraí	Le / Gan Seomra Stórais
Ardaitheoir	1	1
Staighre	1	0
Oifig an Phríomhoide	1	0
Oifig Treorach	1	0
Cistin Foirne	1	0
Seomra Foirne	1	0
Spás Fótacóipeála	1	0

Ar an Dara Urlár, is ann do sheomra ina bhfuil Umar Uisce.



In **Aguisín 1**, tugtar pleananna éalaithe le haghaidh gach seomra ranga.

2.4 Soláthar do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu

Tá an Bord Bainistíochta ar an eolas go luaitear san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2015 gur gá d'fhostóirí 'a mhéid is indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chinntiú do na fostaithe go léir'. I ndail le sláinte agus sábháilteacht, déanann an Bord Bainistíochta pleanáil agus bainistiú ar bhonn ionchuimsitheach i gcás fostaithe agus daltaí araon.

2.5 Liosta de chuariteoirí a sholáthraíonn seirbhísí don scoil ar bhonn rialta

Anona (Seirbhís Feighlí)	Alan Miller
Acorn Ed. Seirbhísí Siceolaíochta	Michael Quane
C and N Contractors (Leictreoir)	Dave Nolan, Paul Cummins, Alan Gunning
Covert Security (Alairm)	Joe Donoghue
Catersafe (Bioserv sa leithreas)	Noel
Diacom	Alex Kelly
Danny Trundle Teas/Pluiméireacht	Mark Trundle
Dolmen Systems (TCI)	Dave Redmond
Hitchen Engineering	Mark Hitchen
JMN Fire Prevention	Ed Eaton
KARE	Noeleen Heavy, Ber Rowan, Will Cribben, Rosalyn Mc Philomy
Matin Sanitary Services	
Moone Pest Control	Fran Hennessy
Trealamh Corpacmhainne Allamuigh	Chris Glynn
Trade Safety (Sábháilteacht ó Thitim)	David Ó Sullivan
Wipeout (Feighlí)	Michael O Toole

3. Acmhainní le hÚsáid

3.1 Acmhainní

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcaithfear maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil chun na nósanna imeachta agus beartais a leagtar amach sa Ráiteas Sábháilteachta seo a chur i bhfeidhm go hiomchuí. Gabhann siad orthu féin a chinntiú go bhfuil líon leordhóthanach ball foirne a bhfuil an oiliúint iomchuí curtha orthu ar fáil le haghaidh na gníomhaíochtaí oibre uile a dtugtar fúthu.

Cuimsítear breithnithe Sláinte agus Sábháilteachta i meastacháin chaiteachais bhliantúla maidir leis an scoil a réachtáil agus áirítear iontu táillí seirbhíse bliantúla i ndáil le trealamh agus oiliúint foirne. Cuirfidh an Bord Bainistíochta acmhainní ar fáil le haghaidh monatóireachta leanúnaí ar shláinte agus sábháilteacht san eagraíocht agus chun eolas agus oiliúint sláinte agus sábháilteachta a sholáthar don fhoireann uile.

Is liosta é seo a leanas nach liosta uileghabhálach é de na hacmhainní atá ar fáil chun tacú leis an tsábháilteacht.

- An Foras Pátrúnachta
- An Bord Bainistíochta
- JMB
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta & Treoirlínte
- Foireann na Scoile Uile
- Oifigeach Sábháilteachta
- Comhordaitheoir Sábháilteachta
- Ionadaí Sábháilteachta
- Coiste Sábháilteachta
- Cumann na dTuismitheoirí
- Comhairle na nDaltaí
- Beartais / nósanna imeachta / cleachtais uile na scoile
- Comharthaíocht na Scoile
- Boscaí /Málaí Garchabhrach
- Múchtóirí Dóiteáin – arna seirbhísí ar bhonn rialta
- Aláram Dóiteáin ar a ndéantar monatóireacht
- Druileanna Dóiteáin ar bhonn rialta
- Pointí Tionóil
- Seirbhís Slándála / Aláram Ionraidh ar a ndéantar monatóireacht
- Teilifís Chiorcaid Iata
- Córas Sábhála ó Thitim agus Córas Úmacha Sábhála ó Thitim - seirbhísithe
- Ardaitheoir Seirbhísithe
- Seiceálacha um Shrianadh Lotnaidí ar bhonn rialta
- Seirbhísíú bainistithe ar Bhonneagar TFC agus Closamhairc
- Áith - seirbhísithe de réir moltaí saineolaithe
- Trealamh Speisialaithe Daltaí - seirbhísithe
- Trealamh Corpacmhainne Allamuigh - seirbhísithe

3.2 Treoir agus Ionduchtú

Coinneofar taifead d'oiliúint ar bith a chuirtear ar fáil. Coinneoidh an scoil taifid maidir le hoiliúint sláinte agus sábháilteachta. Soláthróidh an scoil oiliúint de réir mar is cuí, amhail oiliúint sábháilteachta ionduchtúcháin le haghaidh foirne nua, oiliúint ar lámhsíú sábháilte agus sábháilteacht dóiteáin chomh maith le hoiliúint um bainistíocht chun a chinntiú go bhfuil sé ar chumas foirne sinsearaí a ndualgas agus freagrachtaí sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh. Cuirfear oiliúint ionduchtúcháin ar phearsanra nua uile. Gheobhaidh gach ball foirne cóip bhog den Ráiteas Sábháilteachta agus pléifear Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag cruinnithe foirne.

4. Róil agus Freagrachtaí

Is ar an mBord Bainistíochta, Gael-Choláiste Chill Dara, Nás na Ríogh atá freagracht fhoriomlán maidir le sláinte, sábháilteacht agus leas sa scoil.

4.1 An Bord Bainistíochta

Tá bunphrionsabal faoin dlí coiteann á fhorbairt ag na cúirteanna thar na blianta go mbeidh dualgas dlíthiúil ar gach fhostóir sa Stát, bíodh sé san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach, timpeallacht oibre shábháilte a chur ar fáil d'fhostaithe. Is é atá sa dualgas sin ná sábháilteacht fostaithe ag an obair a áirithiú, a mhéid is féidir. Ní dualgas iomlán é timpistí a chosc agus más féidir a chruthú gur glacadh gach cúram réasúnta chun iad a chosc, seachnófar an dliteanas. Tugtar dualgas cúraim an fhostóra nó dliteanas an fhostóra ar seo.

Miondealaítear dualgas cúraim an fhostóra i gceithre chuid de ghnáth:

- i. áit oibre réasúnta shábháilte a chinntiú
- ii. gléasra agus trealamh réasúnta sábháilte a chinntiú
- iii. córais oibre réasúnta sábháilte a chinntiú
- iv. foireann (inniúil) atá réasúnta meabhrach ar shábháilteacht a chinntiú

De bhreis ar chúraim réasúnach d'fhostaithe a éileamh ó fhostóirí, d'fhorbair na cúirteanna prionsabal cosúil chun daoine nach fostaithe iad a chosaint freisin, cibé an cuairteoirí ón bpobal, conraitheoirí, daltaí agus/nó tuismitheoirí/caomhnóirí iad. Tugtar dliteanas poiblí ar an réimse seo den dlí.

Leis na Treoirínte maidir le Bainistiú Sábháilteachta agus Sláinte in Iar-Bhunscoileanna, ceanglaítear na rudaí seo a leanas ar an mBord Bainistíochta:

- i. dualgais dhlíthiúla mar fhostóir a chomhlíonadh de réir an Achta 2005
- ii. áit oibre shábháilte agus córais oibre shábháilte a sholáthar
- iii. a chinntiú go bhfuil measúnuithe riosca i scríbhinn agus ráiteas sábháilteachta cothrom le dáta ag an scoil
- iv. tuarascálacha a fháil ar bhonn rialta maidir le cúrsaí sábháilteachta agus sláinte
- v. athbhreithniú a dhéanamh ar an ráiteas sábháilteachta gach bliain ar a laghad agus nuair a tharlaíonn athruithe a d'fhéadfadh dul i gcion ar shábháilteacht agus sláinte
- vi. athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na scoile maidir le cúrsaí sábháilteachta agus sláinte
- vii. acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun déileáil le ceisteanna sábháilteachta agus sláinte
- viii. daoine inniúla a cheapadh, de réir mar is gá, chun comhairle nó cúnaimh a chur ar fáil don Bhord Bainistíochta maidir le cúrsaí sábháilteachta agus sláinte.

4.2 An Príomhoide agus an Leas-Phríomhoide

Déanann Príomhoide na Scoile, de réir mar a threoraíonn an Bord Bainistíochta, comhordú ar chur chun feidhme éifeachtach caighdeáin éifeachtacha sláinte, sábháilteachta agus leasa laistigh den scoil de réir cuspóirí comhaontaithe.

Is é Príomhoide na scoile, de réir mar a threoraíonn an Bord Bainistíochta, atá freagrach as a chinntiú go bhfuil eolas agus oiliúint leordhóthanach ag an bhfoireann chun a bpoist a dhéanamh ar bhonn éifeachtach, go bhfuil spriocanna oibre réadúil acu nach gcuireann siad ceanglais sláinte agus sábháilteachta i gcontúirt. Tá an Príomhoide freagrach freisin as a chinntiú go dtugtar tacaíocht leordhóthanach don fhoireann chun cinntí cearta a dhéanamh maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus go ndéantar na caighdeáin arna leagan amach sa Ráiteas Sláinte,

Sábháilteachta agus Leasa seo a chomhlíonadh ar bhealach praiticiúil. Is breithniú príomha í an tsábháilteacht i gcás pleanála ar bith.

Cabhróidh an Leas-Phríomhoide leis an bPríomhoide maidir le comhordú a dhéanamh ar bhainistiú an tsláinte agus sábháilteachta sa scoil.

4.3 Foireann Teagaisc agus Foireann Eile

Tá foireann na scoile freagrach as feidhmíocht agus caighdeán sláinte agus sábháilteachta a chinntiú i ndáil le gníomhaíochtaí atá faoina rialú. Cinnteoidh an foireann go léann agus go dtuigeann siad an Ráiteas Sábháilteachta agus go ndéanann siad a cuid oibre i gcomhréir lena cheanglais agus go leanann siad treoracha déantóirí/soláthraithe agus ábhair/trealamh riachtanach á n-úsáid acu i gcaitheamh a gcuid teagaisc. **Dá réir sin, caithfidh an foireann a bheith ar an eolas faoina bhfreagrachtaí maidir le spás oibre sábháilte a choinneáil.**

Ba cheart do mhúinteoirí seomraí ranga a choinneáil deas glan néata, d'fhonn rioscaí tionóisc a íoslaghdú. Is gá a bheith aireach go sonrach ar cháblaí sraoilleacha, limistéir fhliucha ar an urlár, doirteadh, ábhair a bhaineann leis an obair, agus stóráil iomchuí málaí agus giuirléidí na ndaltaí. Cuirtear obair na ndaltaí ar taispeáint ar bhealach nach riosca dóiteáin í.

Ba cheart don foireann a chinntiú go n-oibríonn siad i gcomhar leis an bPríomhoide agus an Coiste Sábháilteachta i gcúrsaí a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht; go bhfuil siad ar an eolas faoin áit a bhfuil éalaithe éigeandála, éalaithe dóiteáin agus ionad trealamh dóiteáin uile lonnaithe; go bhfuil siad in ann an t-aláram dóiteáin a aithint agus go bhfuil tairbhí acu ar na nósanna imeachta aslonnaithe atá le leanúint i gcás éigeandála.

Agus iad ag an obair, beidh sé de dhualgas ar fhostaithe: -

- i. Aire réasúnach a thabhairt chun a s(h)ábháilteacht, sláinte agus leas féin a chosaint, agus sábháilteacht, sláinte agus leas duine ar bith eile a bhféadfadh a (h)easnaimh ag an obair dul i gcion orthu a chosaint freisin.
- ii. Leas a bhaint as éadaí, trealamh, gléasanna agus áiseanna sábháilteachta a chuirtear ar fáil chun sláinte, sábháilteacht agus leas ag an obair a chosaint.
- iii. Tuairisc a thabhairt gan mhoill mhírreasúnach ar aon locht sa ghléasra, trealamh, áit oibre nó córas oibre a d'fhéadfadh sábháilteacht nó leas a chur i mbaol, nó rud ar bith mar sin a thagann sé/sí chun bheith ar an eolas faoi.
- iv. Gan cur isteach go hintinneach nó go meargánta ar gléas, éadaí cosanta, áis nó trealamh ar bith a chuirtear ar fáil ar mhaithe le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chosaint.
- v. Gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a dhéanamh ar bhealach sábháilte.
- vi. Gan a bheith páirteach in aon iompar míchuí amhail pleidhcíocht, bulaíocht agus foréigean.
- vii. Gan a bheith faoi thionchar meiscigh in áit a bheidh siad ina gcontúirt dóibh féin nó do dhaoine eile.
- viii. Gan mífhaisnéis a thabhairt maidir leis an leibhéal oiliúna a fuarthas cheana féin.

De réir an Achta 2005 is gá do gach fostaithe (lena n-áirítear fostaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha, buana agus sealadacha, beag beann ar aon socruithe conartha atá acu) comhoibriú go huile agus go hiomlán leis an bhfostóir le go gcuirfí i bhfeidhm, go mbunófaí, agus go gcloifí le beartais shábháilteachta agus sláinte cuí.

Leis na Treoirínte maidir le Bainistiú Sábháilteachta agus Sláinte in Iar-Bhunscoileanna, ceanglaítear na rudaí seo a leanas ar an múinteoir agus ar foireann eile:

- i. cloí leis na dualgais reachtúla ar fad maidir le fostaithe arna gceangal faoi Acht 2005
- ii. comhoibriú le bainistíocht na scoile i gcur i bhfeidhm na mbeartas sábháilteachta
- iii. na daltaí a chur ar an eolas maidir leis na nósanna imeachta sábháilteachta a bhaineann le hábhair ar leith
- iv. a chinntiú go leanann daltaí nósanna imeachta sábháilteachta, e.g. trealamh cosanta pearsanta a úsáid agus go gcloítear le rialacha na saotharlainne
- v. measúnuithe riosca a dhéanamh ar an timpeallacht oibre in aice láimhe
- vi. seiceáil fhoirmiúil a dhéanamh ar an timpeallacht oibre ranga/in aice láimhe chun a chinntiú go bhfuil sé saor ó locht
- vii. a chinntiú go bhfuil trealamh sábháilte sula n-úsáidtear é

- viii. cinntiú go ndéantar measúnuithe riosca ar ghuaiseacha nua, m.sh. innealra nó earra ceimiceach nua
- ix. ionadaí/ionadaithe sábháilteachta a roghnú agus a cheapadh
- x. comhoibriú le coiste sábháilteachta na scoile
- xi. Tuairisciú a dhéanamh ar thimpistí, neasthimpistí, tarluithe chontúirteacha don duine ábhartha mar a shonraítear sa ráiteas sábháilteachta

4.4 Feighlí / Garraíodóir/ Glantóirí

Is iad seo a leanas freagrachtaí an Fheighlí/an Gharraíodóra/na nGlantóirí:

- i. An Ráiteas Sábháilteachta a léamh agus a thuiscint agus a gcuid oibre a dhéanamh i gcomhréir lena cheanglais
- ii. Gnáth-iniúchadh a dhéanamh ar an bhfoirgneamh agus tailte lena chinntiú nach bhfuil doirteadh ar aon urlár nó aon bhac a bheadh ina chúis tionóisce;
- iii. Gach iarracht a dhéanamh slándáil an fhoirgnimh agus na dtailte a chosaint;
- iv. Iniúchtaí a dhéanamh ar bhonn rialta ar na bealaí éalaithe dóiteáin, pointí trealamh dóiteáin agus aláraim, srl, agus fabhtanna a thuairisciú láithreach don Phríomhoide;
- v. A chinntiú go leantar treoracha déantóirí / soláthraithe nuair atá ceimiceáin agus trealamh á n-úsáid agus urláir/ballaí á nglanadh nó garraíodóireacht á déanamh, srl;
- vi. Trealamh garraíodóireachta, srl. a stóráil go sábháilte agus as aimsiú daltaí, múinteoirí, srl;
- vii. Íosmhéid peitreal a stóráil ar an láthair le haghaidh an chiumhaisire / an bhuainteora (níor cheart peitreal a stóráil ach i gcoimeádán ceadaithe as aimsiú daltaí, múinteoirí, srl.)
- viii. Fabhtanna i ngléasra nó trealamh a thuairisciú láithreach.
- ix. Gach aon tionóisc, is cuma cé chomh beag, a thuairisciú don mhaoirseacht láithreach.
- x. Sampla pearsanta a léiriú trí éadaí cosanta a chaitheamh agus trí a gcuid oibre féin a dhéanamh ar bhealach sábháilte
- xi. Bealaí a lorg agus a mholadh chun guaiseacha a dhíothú agus feabhsuithe nó breisithe ar bith a cheapann siad gur cheart a dhéanamh a thabhairt ar aird na maoirseachta.

4.5 Duine ainmnithe le haghaidh sábháilteachta agus sláinte a fheidhmíonn ar son an Bhoird, m.sh. an Príomhoide

- i. ceanglais Achta 2005 a chomhlíonadh
- ii. tuairisciú a dhéanamh don Bhord Bainistíochta ar fheidhmíocht na scoile maidir le cúrsaí sábháilteachta agus sláinte
- iii. sábháilteacht agus sláinte sa scoil a bhainistiú ó lá go lá
- iv. cumarsáid a dhéanamh ar bhonn rialta le gach ball de phobal na scoile maidir le cúrsaí sábháilteachta agus sláinte
- v. a chinntiú go ndéantar imscrúdú ar gach timpiste agus teagmhas agus go gcomhlíontar na tuairiscí reachtúla cuí
- vi. bainistiú a dhéanamh ar fhorbairt agus cleachtas rialta nósanna imeachta éigeandála
- vii. oiliúint iomchuí a eagrú
- viii. a chinntiú go ndéantar measúnuithe riosca agus bearta ceartaitheacha
- ix. a chinntiú go ndéantar athbhreithnithe ar bhonn rialta ar fheidhmíocht na scoile maidir le cúrsaí sábháilteachta agus sláinte

4.6 Oifigeach Sábháilteachta

Déanfaidh Oifigeach Sábháilteachta Ghael-Choláiste Chill Dara na rudaí seo a leanas (le cabhair ón gCoiste Sábháilteachta):

- i. An beartas sábháilteachta agus sláinte a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- ii. Foirmeacha tuairiscithe tionóisce a thionscnamh ina roinn féin maidir le tionóiscí uile le mbaineann díobháil, damáiste nó aga díomhaoin.
- iii. Iniúchtaí tionóisce a thionscnamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha maidir le iniúchtaí tionóisce d'fhonn a bheith sásta go sainiúitear cúis(eanna) na tionóisce agus a chinntiú go dtugtar faoi bheart ceartaitheach láithreach chun cosc a chur ar an seans go dtarlóidh a leithéid arís.

- iv. Áiseanna agus taifid gharchabhrach a sheiceáil go tréimhsiúil.
- v. A chinntiú go bhfuil gach duine a bhfuil dualgas orthu ar fáil le haghaidh iniúchtaí sábháilteachta agus páirteach iontu.
- vi. A chinntiú go ndéantar ceanglais reachtúla a imríonn tionchar ar a réimse oibre a chomhlíonadh.
- vii. A chinntiú go gcuirtear oiliúint iomchuí ar dhaoine agus go bhfuil siad go hiomlán ar an eolas faoi ghuaiseacha agus bearta rialaithe i nGael-Choláiste Chill Dara.
- viii. A chinntiú go bhfuil a fhios ag fostaithe uile na rudaí atá le déanamh i gcás dóiteán agus go bhfuil a fhios acu freisin cén áit a choimeádtar an trealamh dóiteáin agus conas é a úsáid.
- ix. A chinntiú go bhfuil a fhios ag fostaithe uile cén áit a bhfuil na háiseanna garchabhrach.
- x. Forbairt agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh de réir mar is cuí ar chórais shábháilte oibre le haghaidh gníomhaíochtaí uile oibre ina roinn féin chun uasmhéid na sábháilteachta a chinntiú go gach daoine faoina maoirseacht.
- xi. A chinntiú go dtugtar deis don Ionadaí Sábháilteachta teacht timpeall le cigire agus cigireacht ar siúl agus comhoibriú a dhéanamh leis/léi maidir le cúrsaí sábháilteachta.
- xii. A chinntiú go gcloítear le rialacha sábháilteachta agus go gcaitear nó go n-úsáidtear trealamh cosanta de réir mar is cuí.
- xiii. A chinntiú go ndéantar gléasanna uile sábháilteachta a fheistiú i gceart, a choigeartú agus a chothabháil.
- xiv. A chinntiú go ndéantar innealra agus trealamh go léir a chothabháil mar is cuí agus go bhfuil sé sábháilte lena úsáid, trí chigireachtaí a dhéanamh ar bhonn rialta.
- xv. A chinntiú go ndéantar fabhtanna uile ina (h)áit oibre a thuairisciú agus a chur ina gceart.
- xvi. Dea-chleachtais bhainistí a choinneáil laistigh dá roinn féin i gcónaí.
- xvii. Breithniú dáiríre a dhéanamh ar ionadaíocht ar bith a dhéantar maidir le sláinte agus sábháilteacht ó gach aon fhostaí.
- xviii. Idirchaidreamh a dhéanamh leis an ionadaí sábháilteachta agus/nó fostaithe roimh ré agus in am trátha i ndáil le cúrsaí uile a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair.
- xix. A bheith i láthair ag cruinnithe comhairliúcháin nuair is gá.

4.7 Comhordaitheoir Sábháilteachta

- i. Teagmháil a dhéanamh le Príomhoide, Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta agus Coiste Sábháilteachta na scoile.
- ii. A bheith i gceannas ar chúrsaí go léir sa scoil a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteachta agus bainistiú a dhéanamh orthu d'fhonn timpeallacht foghlama ordúil, slán agus sláintiúil a bhaint amach.
- iii. Meon na freagrachta a chothú i measc na ndaltaí agus cabhair a thabhairt don fhoireann ghairmiúil i ndáil le sábháilteacht daltaí agus foirne agus slándáil na saoráidí.
- iv. Cabhrú leis an mbainistíocht shinsearach déileáil le freagairt éigeandála uile-scoile a eagrú maidir leis an bhfoirgneamh a aslonnú.
- v. Plean a dhréachtú, a mheasúnú agus a fhoilsiú i ndáil le déileáil le freagairt éigeandáil, druileanna aslonnaithe agus nósanna imeachta a leagan amach le haghaidh daltaí agus foireann.
- vi. Obair / teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann bainistíochta agus grúpaí oibre ábhartha chun a chinntiú go gcuirtear pleananna Sláinte & Sábháilteachta agus pleananna aslonnaithe dóiteáin rithábhachtacha i bhfeidhm.
- vii. Iniúchadh sábháilteachta tine a dhéanamh, agus druileanna tine agus bealaí éalaithe tine a eagrú.
- viii. A chinntiú go ndéantar nósanna imeachta a chur ar taispeánt in áit fheiceálach i seomraí ranga uile.
- ix. Teagmháil a dhéanamh leis an mbainistíocht agus druileanna dóiteáin á sceidealú agus á ndéanamh uair sa téarma ar a laghad.
 - i. Aslonnú 1: Foireann ar an eolas faoi lá agus am an aslonnaithe.
 - ii. Aslonnú 2: Foireann ar an eolas maidir leis an lá ach gan fhios a bheith acu faoin am.
 - iii. Aslonnú 3: Foireann gan fhios faoin lá nó faoin am.
- x. Measúnú a dhéanamh ar aslonnaithe uile in éineacht leis an bhfoireann agus cruinniú a bheith ann le bainistíocht n scoile chun nósanna imeachta aslonnaithe a phlé, a mheasúnú agus a athrú de réir mar is cuí.

- xi. Feasacht a chothú maidir le Sábháilteacht Dóiteáin trí fógraí a chur amach ar an idirchum, póstaer a chur suas agus trí theagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann maidir le cur chuige comhordaithe a úsáid chun béim a chur ar shábháilteacht dóiteáin.
- xii. Nuashonrú a dhéanamh ar ábhar eolais na ndaltaí agus na foirne maidir leis an scoil a aslonnú.
- xiii. A chinntiú go ndéantar trealamh Sláinte agus Sábháilteachta uile a chothabháil ar bhonn rialta, lena n- airítear múchtóirí dóiteáin, doirse dóiteáin, ardaitheoirí, stórais ceimiceáin agus málaí garchabhrach.
- xiv. Stoc garchabhrach go léir a ordú agus a rialú.
- xv. Saincheisteanna agus ábhar imní sábháilteachta don Fhoireann agus do Dhaltaí a thuairisciú don fheighlí nó do bhainistíocht na scoile más rud práinneach é.
- xvi. Iniúchtaí Sláinte agus Sábháilteachta a scaipeadh, a éascú agus a bhailiú; teagmháil a dhéanamh leis an Ionadaí Sábháilteachta, Oifigeach Sábháilteachta agus Leas-Phríomhoide atá freagrach as gléasra agus foirgnimh.
- xvii. Teagmháil a dhéanamh le Comhordaitheoirí Roinne sna hábhair phraiticiúla chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le ceanglais Sláinte agus Sábháilteachta.
- xviii. Comhoibriú / teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann bainistíochta agus grúpaí oibre ábhartha chun teimpléid measúnaithe riosca a fhorbairt i ndáil le riosca i ngléasra na scoile.
- xix. Taifid sláinte agus sábháilteachta a choinneáil
- xx. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a eagrú don fhoireann maidir le Sláinte agus Sábháilteacht
- xxi. I gcomhar le Cinn Bliana/Comhordaitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais agus Tuismitheoirí, a chinntiú go gcuirtear na nósanna imeachta sonracha a bhaineann le Daltaí nó Múinteoirí a bhfuil riachtanais ar leith acu in iúl don Fhoireann uile ar bhealach éifeachtach.
- xxii. A chinntiú go stóráiltear Sonraí i gcomhréir le beartais ábhartha (Cód Iompair, Beartas Frith-Bhulaíochta, Polasaí Úsáide Inghlactha, Riachtanais Speisialta Oideachais, an Rialachán um Shonraí Ginearálta a Chosaint)
- xxiii. Teagmháil a dhéanamh leis an gComhordaitheoir um Fhéinmheastóireacht Scoile chun cabhrú le hathbhreithniú a dhéanamh ar Bheartas Sláinte agus Sábháilteachta na scoile.
- xxiv. A chinntiú go bhfuil Beartas Sláinte agus Sábháilteachta na scoile i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta agus treoirlínte na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- xxv. Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh i gcomhar leis an bPríomhoide/Leas-Phríomhoide.
- xxvi. Cabhair a thabhairt chun Beartas a fhorbairt ar bhonn rialta maidir le Sláinte agus Sábháilteacht.
- xxvii. A bheith ar an eolas faoi riachtanais athraitheach na scoile agus féachaint le freagairt dóibh.
- xxviii. Tasc ar bith eile arna lorg ag an mBainistíocht Shinsearach agus is iomchuí don ról

4.8 Ionadaí Sábháilteachta

Tá fostaithe i dteideal ionadaí sábháilteachta (nó níos mó ná ionadaí sábháilteachta amháin má chomhaontaíonn an Bord Bainistíochta) a cheapadh. Is ról nó feidhm an ionadaí sábháilteachta comhairliúchán agus ionadaíocht a dhéanamh don príomhoide nó don Bhord Bainistíochta maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhaineann le comhghleacaithe (lena n-áirítear foireann neamhtheagaisc) sa scoil. Tá sé de cheart ag an ionadaí sábháilteachta, tar éis fógra leordhóthanach a thabhairt don bhainistíocht, cigireachtaí a dhéanamh i gcuid áirithe den scoil nó sa scoile go léir, agus láithreach má tharlaíonn tionóisc nó tarlúint dhainséarach nó má tá dainséarach nó riosca do shábháilteacht ar tí tarlú agus chun imscrúdú a dhéanamh ar thionóiscí agus tarlúintí dainséaracha. Féadfaidh ionadaithe sábháilteachta na rudaí seo a leanas a dhéanamh freisin:

- i. i ndiaidh fógra a thabhairt don Bhord Bainistíochta, imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht
- ii. ionadaithe a dhéanamh ar Chigirí an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta
- iii. Dul timpeall le Cigirí an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta agus cigireachtaí á ndéanamh (ach amháin i ndiaidh tionóisce, ach is féidir leis an gCigire á sin a cheadú dá rogha féin)

Má tá cigireacht á déanamh ag Cigire an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, caithfidh an Bord Bainistíochta é sin a chur in iúl don ionadaí sábháilteachta. Is féidir leis an bpríomhoide é sin a dhéanamh thar ceann an Bhoird Bainistíochta.

Tá ionadaithe sábháilteachta i dteideal am saor ón obair, gan pá a chailleadh, chun a bhfeidhmeanna a dhéanamh agus chun dul faoi oiliúint maidir lena ról. Ní bhaineann dualgais le ról an ionadaí sábháilteachta ach baineann cearta agus feidhmeanna leis áfach. Tugtar liosta díobh sin in Acht 2005 agus leagtar amach iad i *Leabhar Acmhainne an Ionadaí Sábháilteachta* agus sna *Treoirínte maidir le hIonadaithe Sabháilteachta* ar www.hsa.ie. Tá gearrchúrsa múscailte feasachta le haghaidh ionadaithe sábháilteachta ar fáil saor in aisce ar líne ar <https://hsalearning.ie>.

4.9 Coiste Sábháilteachta

Éascaíonn coiste sábháilteachta an próiseas comhairliúcháin trí athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnuithe riosca nó ar bheartas agus nósanna imeachta na scoile. Is faoin mBord Bainistíochta agus an fhoireann atá sé comhaontú a dhéanamh coiste sábháilteachta a bhunú.

Má tá scoil tar éis cinneadh a dhéanamh coiste sábháilteachta a bhunú, ba cheart ról agus feidhmeanna an choiste maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú a leagan amach. Féadfaidh na daoine seo a leanas bheith ina mball den choiste sábháilteachta: ionadaithe ón mBord Bainistíochta; an Príomhoide nó an Leas-Phríomhoide; Oifigeach Sábháilteachta (má tá a leithéid ceaptha ag an mBord Bainistíochta); ní Ionadaí Sábháilteachta (má tá a leithéid ceaptha ag an bhfoireann). Féadfaidh baill foirne bheith ar an gcoiste sábháilteachta freisin, agus is féidir leis an scoil cinneadh a dhéanamh ionadaí na ndaltaí nó ionadaí na dtuismitheoirí/caomhnóirí a áireamh ar an gcoiste. Tá tuilleadh eolais ar fáil maidir leis an gcoiste sábháilteachta ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta www.hsa.ie.

4.10 Foireann Uile:

Ba cheart d'fhoireann uile Ghael-Choláiste Chill Dara

- i. Ráiteas Sabháilteachta na scoile a léamh agus a thuiscint
- ii. gach tionóisc agus damáiste, is cuma cé chomh beag is atá sé, a thuirisciú don bhainistíocht a luaithe agus is féidir
- iii. comhoibriú le himscrúdú ar bith a dhéantar ar thionóiscí
- iv. gan iarracht a dhéanamh trealamh oifige nó gléasa a úsáid, a dheisiú nó a chothabháil mura bhfuil treoracha iomlán nó an oiliúint iomchuí faighte acu
- v. cloí le rialacha agus ceanglais uile na scoile maidir le sábháilteacht.

Ní mór d'fhoireann uile Ghael-Choláiste Chill Dara na rudaí seo a leanas a thuirisciú don Phríomhoide a luaithe agus is féidir:

- i. Obair ar bith a d'fhéadfadh a sláinte agus sábháilteacht féin nó sláinte agus sábháilteacht daoine eile a chur i mbaol.
- ii. Fabht ar bith san ionad oibre, sna córais oibre, i nithe nó i substaintí.
- iii. Sárú ar bith is eol dóibh ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta.

NÍOR CHEART d'fhoireann Ghael-Choláiste Chill Dara:

- i. Cur isteach ar aon rud a chuirtear ar fáil chun sláinte, sábháilteacht agus leas daoine ag an obair a chosaint, nó a mhí-úsáid nó damáiste a dhéanamh dó.
- ii. Duine ar bith a chur i mbaol i ndail le gníomhaíochtaí oibre.
- iii. Cur isteach go hintinneach nó go meargánta ar gléas nó trealamh sábháilteachta ar bith a chuirtear ar fáil chun sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chosaint.

4.11 Saoráidí Leasa

Soláthraítear saoráidí leasa leordhóthanacha le haghaidh pearsanra uile agus déantar na saoráidí sin a chothabháil i ndea-bhail. Soláthraítear saoráidí leithris, níocháin agus cistine chuige sin. Déantar saoráidí uile a chothabháil agus a ghlanadh ar bhonn rialta.

4.12 Fostaithe Torracha

Is é beartas Ghael-Choláiste Chill Dara gach beart iomchuí a dhéanamh chun na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 a chomhlíonadh.

Tá sé de dhualgas ar fhostaithe Príomhoide na Scoile a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir sa toircheas go bhfuil siad ag iompar clainne. I ndiaidh fógra a fháil go bhfuil fostaí torrach, déanfaidh an scoil measúnú ar an riosca sonracha bhaineann leis an bhfostaí sin agus glacfar gach beart chun a chinntiú nach mbíonn teagmháil aici le cás ar bith a d'fhéadfadh í féin ná a leanbh sa bhroinn a chur i mbaol. Más léir ón measúnú go bhfuil riosca ann, cuirfear an fostaí ar an eolas agus déanfar gach iarracht chun nochtadh don riosca sin a dhíothú. Déanfar gach iarracht freisin imthosca oiriúnacha oibre agus socruithe solúbtha oibre a sholáthar, nuair is féidir. Glacann Gael-Choláiste Chill Dara go hiomlán le forálacha na nAchtanna um Chosaint Mháithreachais.

4.13 Úsáideoirí Eile na Scoile

Tá sé de dhualgas ar dhaltáí, tuismitheoirí agus cuairteoirí rialacháin agus treoracha na scoile a chomhlíonadh i ndáil le sábháilteacht, sláinte agus leas.

Tá freagracht ar chuairoteoirí chun na scoile:

- i. Comhoibriú a dhéanamh leis an Scoil maidir le cúrsaí uile a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht;
- ii. Déanamh de réir treoracha sábháilteachta uile arna dtabhairt ag foireann na scoile;
- iii. an TAIFEAD CUAIRTEOIRÍ AGUS AN LOGLEABHAR 'SÍNIGH ISTEACH' a shíniú ag an bhfáiltiú.

4.14 Conraitheoirí

Tá sé de dhualgas ar chonraitheoir ar bith a oibríonn sa scoil nó a oibríonn thar ceann na scoile cloí le dualgais reachtúla arna ainmniú faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta) 2007-2017 agus aon reachtaíocht eile a bhaineann le hábhar, mar shampla na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2013.

Déanfaidh an scoil na rudaí seo a leanas chun críocha an ráitis sábháilteachta:

- i. na codanna ábhartha den ráiteas sábháilteachta agus den chomhad sábháilteachta a chur ar fáil d'aon chonraitheoirí atá i mbun oibre sa scoil thar ceann na scoile
- ii. rialacháin agus treoir na scoile a chur ar fáil i ndáil le sábháilteacht, sláinte agus leas
- iii. a bheith ar an eolas faoi dhualgas conraitheoirí na codanna ábhartha dá gcuid ráiteas sábháilteachta agus dá gcuid mheasúnuithe riosca féin a chur ar fáil don scoil i ndáil leis an obair atá á déanamh
- iv. comhoibriú agus comhordú a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí d'fhonn rioscaí sábháilteachta agus sláinte ag an obair a sheachaint i gcás go bhfuil an áit oibre á chomhroinnt le conraitheoir.

Tá dualgas ar an scoil mar Chliaint má fhostaítear conraitheoir chun obair thógála a dhéanamh, e.g. má tá obair thógála ar siúl sa scoil, beidh **dualgais mar Chliaint** ar an scoil faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2013.

Áirítear i measc na ndualgas sin:

- a. dearthóirí agus conraitheoirí inniúla a cheapadh
- b. Maoirseoirí Tionscadail inniúla a cheapadh le haghaidh an Phróisis Deartha;
- c. Maoirseoirí Tionscadail inniúla a cheapadh le haghaidh na Céime Tógála i gcás go bhfuil:
 - i. níos mó ná conraitheoir amháin páirteach san obair
 - ii. an obair le leanúint ar aghaidh ar feadh tréimhse níos mó ná 30 lá (nó 500 daonl), nó
 - iii. riosca sonracha i gceist;
- d. fógra a thabhairt don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta má tá an obair le leanúint ar aghaidh ar feadh tréimhse níos faide ná 30 lá (nó 500 daonl) ar **Fhoirm AF1** atá ar fáil ar www.hsa.ie.

4.15 Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde

Cad is Strus a bhaineann leis an Obair ann?

Is féidir strus a shainmhíniú go ginearálta mar freagairtí diúltacha a bhíonn ag daoine i ndáil le gnéithe dá dtimpeallacht. Tagraíonn an strus a bhaineann leis an obair do na freagairtí sin a tharlaíonn mar thoradh ar bhrú sa timpeallacht oibre.

“Stress occurs when an individual perceives an imbalance between the demands placed on them on the one hand, and their ability to cope on the other” (Professor Tom Cox, Institute of Work, Health and Organisation).

Aithníonn Ghael-Choláiste Chill Dara go dtugann gach fostaí a bpearsantacht féin, a stair leighis féin, a nádúr síceolaíoch féin agus a scileanna cóipeála féin ar scoil leo. Mar thoradh air sin, an rud a chothaíonn strus i nduine amháin, seans nach gcuireann sé isteach ná amach ar dhuine eile. Tá Gael-Choláiste Chill Dara tiomanta d’fhórsa saothair sláintiúil a chothú trí luach a chur ar an meabhairshláinte chomh maith leis an tsláinte fhisiceach.

Má bhraiteann fostaí go bhfuil strus a bhaineann leis an obair ag cur isteach orthu, is tábhachtach go lorgaíonn siad cabhair leighis. Ba cheart dóibh cúiseanna a struis a phlé leis an bPríomhoide agus, a mhéid is féidir le réasún, déileálfaidh an Príomhoide leis na cúiseanna sin.

4.16 Seirbhís Chúnaimh d’Fhostaithe ar fáil trí Inspire Workplaces (Folláine ag an Obair)

Is é is cuspóir na Seirbhíse Chúnaimh d’Fhostaithe ná rochtain éasca a chur ar fáil do mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanais Speisialta agus daoine dá neasteaghlach ar chomhairleoireacht faoi iontaoibh agus chun cabhrú leo déileáil le fadhbanna pearsanta agus fadhbanna a bhaineann leis an obair.



Is iad **EAP Consultants** (faoin mbranda **Inspire Wellbeing**) a chuireann na Seirbhísí Cúnaimh d’Fhostóirí agus Folláine ar fáil, lena n-áirítear **seirbhís faoi rún saor in aisce** ar líne chabhreach atá ar fáil 24 uair sa ló, 365 lá sa bhliain agus ar a dtugann cliniceoirí cáilithe comhairleoireacht ar an nguthán maidir le réimse cúrsaí a bhaineann le sláinte agus folláine pearsanta. Tá suas le 6 sheisiún comhairleoireachta duine le duine ar fáil chun tacaíocht agus cúram atá dírithe ar réiteach a fháil a sholáthar, bunaithe ar riachtanais chliniciúla an duine. Mar chuid den tseirbhís ar an nguthán freisin, tugtar eolas speisialaithe, tacaíocht agus comhairle maidir le seirbhísí teaghlaigh, seirbhísí airgeadais, seirbhísí dlíthiúla, seirbhísí a bhaineann leis an obair agus seirbhísí faisnéise do thomhaltóirí, chomh maith le tacaíocht don bhainistíocht a sholáthar freisin.

Is féidir glaoch a chur ar an uimhir shaorghlao - 1800 411 057 (24 uair sa ló / 365 lá sa bhliain)

4.17 Dínit agus Éagsúlacht ag an Obair

Déanann Gael-Choláiste Chill Dara gach iarracht chun timpeallacht ina gcuimsítear gach duine a chruthú, timpeallacht ina bhfuil saoirse ag fostaí agus daltaí a gcuid oibre a dhéanamh gan chiapadh gnéasach ná bulaíocht ó bhail eile de chuid na scoile. (Beartas um Dhínit san Áit Oibre **Aguisín 2**)

Sainmhíniú ar Bhulaíocht agus Ciapadh

Is féidir bulaíocht/ciapadh a shainmhíniú mar iarracht dhíobhálach agus mhailíseach díriú isteach ar dhuine nó daoine ar leith.

- Níor cheart é a mheascadh suas le coimhlintí idirphearsanta san áit oibre a d'fhéadfadh a bheith díobhálach agus strusmhar iad féin, ach nach féidir bulaíocht a thabhairt orthu ach an oiread.
- Níor cheart é a mheascadh suas le hiompar réasúnta fhoireann bainistíochta na scoile agus iad i mbun a ndualgas.
- Níor cheart é a mheascadh suas le deacrachtaí caidrimh tionscail, ar cheart a láimhseáil i gcomhréir leis na nósanna imeachta iomchuí um chaidrimh tionscail.

Is éard atá i mbulaíocht agus ciapadh ná iompar diansheasmhach gan chúis, nach gcuirtear fáilte roimhe agus a chuireann imeagla agus olc ar an bhfaighteoir. Féadfaidh sé a bheith i bhfoirm ionsaithe ó bhéal, ionsaithe fisiceach nó ionsaithe síceolaíoch agus féadfaidh sé a bheith soiléir nó caolchúiseach, ar líne nó ar ghuthán póca. Go ginearálta, glactar leis gur iompar dianseasmhach a tharlaíonn arís is arís eile a bhíonn i gceist le bulaíocht agus ciapadh.

Cad is Ciapadh Gnéasach ann?

Is éard atá i gciapadh gnéasach ná pátrún iompair gan iarraidh a chuireann olc ar an bhfaighteoir. Ní léiríonn a leithéid d'iompar meas ar dhínt daoine eile agus imríonn sé tionchar ar an bhfostaí san áit oibre. Is pátrún iompair é a chuireadh olc, imeagla nó náire ar dhuine ar bith réasúnta. Ní chuirtear san áireamh intinn déantóir líomhnaithe na coire agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an iompar a bheith inghlactha nó a mhalairt. Tugtar le fios le ciapadh gnéasach go bhfuil an t-iompar gan iarraidh á bhrú ar dhuine ar a gcuireann sé olc, imeagla nó náire. Is é tionchar an iompair ar an bhfaighteoir seachas intinn dhéantóir na coire a chineann an t-iompar mar iompar inghlactha nó a mhalairt, Níor cheart é a mheascadh suas le gnáth-idirchaidreamh sóisialta lena mbaineann iompar atá inghlactha ag gach taobh. Féadfaidh ciapadh gnéasach tarlú idir fir agus mná nó idir daoine den inscne céanna.

Nósanna Imeachta chun déileáil le Gearáin a bhaineann le Bulaíocht, Ciapadh agus Ciapadh Gnéasach i nGael-Choláiste Chill Dara: Cuspóirí na Nósanna Imeachta le Gearáin a Dhéanamh

- Sásra cothrom, comhsheasmhach agus tapa a sholáthar chun próiseáil a dhéanamh ar ghearáin i gcoinne ball foirne maidir le bulaíocht, ciapadh nó ciapadh gnéasach a dhéanamh.
- É sin a dhéanamh ar bhealach a dhéanann cearta na bpáirtithe uile a chomhlíonadh i gcomhréir le ceartas aiceanta.
- Na prionsabail a leagan amach don fhostóir, do bhaill foirne agus dá n-ionadaithe i gcás gearán i gcoinne ball foirne maidir le bulaíocht, ciapadh nó ciapadh gnéasach a dhéanamh.

Is féidir an nós imeachta seo a úsáid go sonrath chun:

- Fiosrú a dhéanamh ar ghearáin arna ndéanamh ag baill foirne i gcoinne ball foirne eile, maidir le bulaíocht/ciapadh/ciapadh gnéasach a dhéanamh.
- Fiosrú a dhéanamh ar ghearáin arna ndéanamh ag baill foirne i gcoinne ball den bhainistíocht, maidir le bulaíocht/ciapadh/ciapadh gnéasach a dhéanamh.
- Fiosrú a dhéanamh ar ghearáin arna ndéanamh ag baill den bhainistíocht i gcoinne ball foirne, maidir le bulaíocht/ciapadh/ciapadh gnéasach a dhéanamh.

Saincheisteanna nach mbaineann leis na nósanna imeachta seo:

- Gearáin arna ndéanamh ag baill foirne i gcoinne daltaí, maidir le bulaíocht/ciapadh/ciapadh gnéasach. Déileálfar lena leithéid de ghearán i gcomhréir leis an gcód disciplín/iompair daltaí iomchuí agus/nó cóid cleachtais comhaontaithe eile.
- Cúrsaí a bhaineann le hinniúlacht ghairmiúil múinteoirí nach féidir déileáil leo ag leibhéal na scoile nó a tharchuirtear chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna lena bhfiosrú faoi théarmaí chiorclán 43/85 nó socruithe eile atá ann.
- Gearáin anaithnid
- Gearáin shuaibhreasacha nó chráiteachta, nach gcuireann isteach ar obair an bhaill foirne
- Gearáin atá ina n-ábhar imeachtaí dlíthiúla.

Ní thagann faoi shainchúram na nósanna imeachta seo gearáin arna ndéanamh ag dalta(i) i gcoinne baill foirne maidir le bulaíocht/ciapadh a dhéanamh. Déileálfar lena leithéid de ghearáin faoi threoirínte iomchuí nó cóid cleachtais eile chomhaontaithe.

Nóta: Is féidir éileamh ar chiapadh faoi na naoi bhforas arna leagan amach san *Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998*, a thionscnamh faoi fhorálacha an Achta sin. In Alt 32 den Acht sin, sainmhínítear na forais sin mar seo a leanas: *Aois, Míchumas, Claonadh Gnéis, Cine, Stádas Teaghlaigh, Stádas Pósta, Pósta, Creideamh, Comhaltas den Lucht Siúil*.

5. Measúnú Riosca

Chun Sábháilteacht, Sláinte agus leasa a bhainistiú ar bhonn éifeachtach in áit oibre ar bith, ní mór measúnú riosca a bheith

Tarlaíonn measúnú riosca ó am go ham de réir mar a éilíonn cleachtais oibre agus trealamh nua.

Is é is aidhm leis an measúnú riosca ná meastachán a dhéanamh ar an méid riosca a bhaineann le guais ar bith. Tá sé bunaithe ar an toradh a d'fhéadfadh a bheith le tionóisc a tharlaíonn san áit oibre ar an mbonn seo a leanas: rangáítear rioscaí mar **Ard-Riosca (A)**, **Meán-Riosca (M)** nó **Riosca Íseal (Í)**, ag brath ar an toradh is measa a d'fhéadfadh a bheith le tarlúint ar leith. Déantar measúnaithe riosca i gcomhréir leis na Treoirínte de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta agus na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Sábháilteacht agus Sláinte a Bhainistiú in Iar-Bhunscoileanna.

Tá teacht ar eolas maidir le Measúnuithe Riosca Ghael-Choláiste Chill Dara in **Aguisín 3** den Ráiteas Sábháilteachta seo.

5.1 Guais

Is í guais rud ar bith a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do dhaoine, do réadmhaoín nó don timpeallacht.

Is féidir le hábhar oibre, píosa trealaimh nó modh nó cleachtas oibre a bheith i gceist anseo.

5.2 Riosca

Maidir le gortú nó díobháil ar bith, ciallaíonn riosca an dóchúlacht go dtarlóidh gortú nó díobháil agus déine na n-iar-mhairtí a d'fhéadfadh a eascairt as an riosca.

Braitheann riosca freisin ar líon na ndaoine a thagann i dteagmháil leis an nguais.

5.3 Bearta rialaithe / rialuithe

Is éard atá i gceist le bearta rialaithe / rialuithe ná na réamhchúraimí arna nglacadh chun a chinntiú go ndéantar riosca a íoslaghdú nó a dhíothú.

I ndiaidh measúnaithe riosca, is ríthábhachtach na beartaithe rialaithe a chur i bhfeidhm chun cúrsaí sábháilteachta a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil. Le bearta rialaithe,

déantar cinnte, mar shampla, go bhfuil an trealamh sábháilte agus go ndéantar gníomhaíochtaí oibre ar bhealach sábháilte freisin, Ní leor é a bheith ar an eolas faoi riosca.

Ní mór bearta rialaithe a chur i bhfeidhm chun é a dhíothú nó a íoslaghdú go suntasach.

5.4 Measúnú Riosca

Is éard atá i gceist le measúnú riosca ná **guais a shainaitheint**, agus ansin meastachán a dhéanamh ar **cé chomh holc is a bheadh an díobháil** a thiocthadh as an ghuais sin agus **cé chomh dóchúil** is atá sé go dtiocfadh díobháil aisti..

Ansin, féadfaidh an fostóir bearta rialaithe a chur i bhfeidhm chun an riosca a íoslaghdú nó

measúnú a dhéanamh maidir le leordhóthanacht na réamhchúraimí arna nglacadh aige/aici chun díobháil a chosc.

Ní mór measúnú riosca a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí uile sa scoil a d'fhéadfadh tionóisc nó drochshláinte teacht as, go mór mór na gníomhaíochtaí is dainséaraí.

Is próiseas simplí é an próiseas um mheasúnú riosca agus ligeann sé don scoil guaiseacha a shainaitheint agus déileáil leo ar bhealach éifeachtúil ionas nach gcuirtear daoine i ndainséar neamhriachtanach.

Mar shampla, in Éirinn,

is é an láimhsiú an chúis is mó a bhaineann le gortuithe san áit oibre agus is iad sciorthaí, tuislí, agus titim an dara cúis is mó.

Is sciorthaí, tuislí, agus titim iad aon cheathrú de na tionóiscí ar fad a tuairiscítear in earnáil an oideachais.

Is ann do na guaiseacha seo i ngach scoil agus ní mór measúnú riosca a dhéanamh orthu díreach ar nós guaiseacha eile coitianta.

Ba cheart do scoileanna na próiseas 3-céim seo a leanas a úsáid chun measúnuithe riosca a dhéanamh.

Céim 1 An ghuais a shainaithint

Céim 2 An riosca a mheas i gcomhréir leis an nguais

Céim 3 Bearta rialúcháin iomchuí a chur i bhfeidhm chun an riosca a dhíothú nó a laghdú

Scaipfidh an Comhordaitheoir Sábháilteachta measúnuithe riosca ar na múinteoirí ranga i mí Mheán Fómhair agus cuirfidh siad tacaíocht ar fáil maidir lena gcomhlánú. Bainfead leas as na teimpléid atá ar fáil ar www.hsa.ie/education.

Tá measúnuithe riosca comhlánaithe curtha isteach leis an Ráiteas Sábháilteachta (Aguisín 2). Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh orthu gach bliain ar a laghad nó de réir mar a thagann trealamh, córais nó pearsanra nua chun nó scoile nó de réir mar a tharlaíonn athruithe eile suntasacha.

Ní mór aird na foirne go léir a dhíriú ar an Ráiteas Sábháilteachta agus ba cheart go mbeidís in ann teacht ais nuair is gá.

6. Nósanna Imeachta Éigeandála

6.1 Tá Beartas Teagmhais Criticiúil i bhfeidhm i nGael-Choláiste Chill Dara ina dtugtar mionchuntas ar na hábhair seo a leanas:

- i. liosta de na daoine atá freagrach as an bplean a chomhordú agus a chur chun feidhme agus sonraí maidir lena ndualgais ar leith
- ii. liosta de na céimeanna i nósanna imeachta na scoile chun déileáil le réimse éagsúil de chásanna éigeandála agus criticiúla lena n-áirítear dóiteán, tuile, sceimhle buama agus teagmhais eile amhail gortú tromchúiseach nó bás de thionóisc nó féinmharú
- iii. nósanna imeachta maidir le teagmháil le teaghlaigh daoine a ndearna an teagmhas difear dóibh
- iv. sonraí seirbhísí éigeandála agus tacaíochta náisiúnta agus áitiúla amhail an Garda Síochána, an tSeirbhís Dóiteáin, an tseirbhís otharchairr, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, dochtúirí ginearálta agus ospidéal áitiúla

Agus ár mBeartas Teagmhais Criticiúil á dhréachtú, baineadh leas as na hacmhainní seo a leanas:

Tá cóip den Bheartas Teagmhais Criticiúil agus tuilleadh eolais le fáil in **Aguisín 4**

- *Freagairt ar Theagmhais Criticiúla, Treoirlínte do Scoileanna*, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

- *Pleanáil Theagmhais i gComhthéacs Éigeandála Náisiúnta*, www.education.ie

6.2 Sábháilteacht Dóiteáin - Beartas Dóiteáin agus Aslonnaithe

Tá baol ann i gcónaí go dtarlóidh tine nó éigeandáil eile lena mbaineann gá an foirgneamh a aslonnú go pras. Soláthraítear múchtóirí dóiteáin sa scoil agus seiceáiltear iad ar bhonn rialta.

Tá Oifigeach Dóiteáin ceaptha i nGael-Choláiste Chill Dara agus is ball é/í den Choiste Sláinte agus Sábháilteachta.

Chomh maith leis sin, tá na réamhchúraimí seo a leanas i bhfeidhm:

- i. treoir agus oiliúint a chur ar fáil don fhoireann maidir le nósanna imeachta aslonnaithe i gcás dóiteáin agus éigeandáil, suíomh na bpointí dóiteáin agus conas trealamh comhraicthe dóiteáin a úsáid;
- ii. Druileanna dóiteáin agus aslonnaithe a reáchtáil ar bhonn rialta;
- iii. bealaí éalaithe agus bealaí amach a chur ar fáil agus iad a choinneáil díghlasáilte, feidhmiúil agus saor ó bhacainn i gcónaí;

- iv. trealamh agus córais leordhóthanacha um chosaint dóiteáin a chur ar fáil;
- v. trealamh agus córais leordhóthanacha um chosaint dóiteáin a imscrúdú agus a chothabháil;
- vi. Dea-chleachtais bhainistí a choinneáil chun a chinntiú go tógtar amach bruscar indóite go léir; agus
- vii. suiteálacha leictreacha a thástáil agus a chothabháil agus deimhin a dheanamh go bhfuil an trealamh leictreach go léir casta as agus díphlugáilte nuair nach bhfuil sé in úsáid (más féidir).

Tá an Beartas Dóiteáin agus Aslonnaithe ar fáil in **Aguisín 5**.

6.3 Garchabhair

Tá Ghael-Choláiste Chill Dara tar éis Beartas Garchabhrach agus Beartas maidir le Dáileadh Cógas a fhorbairt. Tá na beartais sin ar fáil in **Aguisín 6**.

6.4 Uath-dhífhibrileoirí Seachtracha

Tá uath-dhífhibrileoir ar fáil i nGael-Choláiste Chill Dara ar an mballa ag an bpríomhdhoras taobh le hoifig na scoile. Tá liosta cothrom le dáta de na daoine atá oillte chun an uath-dhífhibrileoir seachtrach a úsáid le fáil sa seomra foirne agus díreach in aice leis an gléas féin. Is féidir an t-uath-dhífhibrileoir seachtrach a bhaint den bhalla lena úsáid ar an dalta/ball foirne a mheastar a bhfuil i mbun stad chardiaigh.

Tá sé ríthábhachtach go seiceáiltear an ceallra ar bhonn seachtainiúil. Déan na seiceálacha sin a thaifead ar an mbileog loga ar an mbosca cabhrach sa phríomhoifig. Rachaidh an ceallra reatha in éag ar an **01/01/2022** (mura n-úsáidfeadh é idir an dá linn).

6.5 Tionóiscí agus tarlúintí dainséaracha

Is gach tionóiscí uile (is cuma cé chomh fánach is atá siad) a tharlaíonn do dhaltaí, baill foirne, conraitheoirí nó baill den phobail a thuairisciú láithreach d'fhoireann bainistíochta na scoile agus d'oifig na scoile.

- a) Ní mór **Foirm Tuairisce Tionóisce (Aguisín 7)** a chomhlánú go hiomlán agus sonraí uile na tionóisce a thabhairt, lena n-áirítear conas a tharla sé agus na bearta garchabhrach a cuireadh i bhfeidhm. Caithfear cóip den tuarascáil sin a choinneáil san fhilleán Tionóiscí Ginearálta i bpríomhoifig na scoile agus an fhoirm féin a choimeád i gcomhad an dalta/ bhaill foirne.
- b) I scoileanna, is é an Bord Bainistíochta atá freagrach as tionóiscí a tharlaíonn in áit oibre nó ag gníomhaíocht oibre a thuairisciú don **Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar na foirmeacha ar líne IR1 agus IR3** má fhaigheann duine bás nó má fhágann tionóisc duine ar bith faoi mhíchumas ar feadh tréimhse níos faide ná 3 lá (gan lá na tionóisce a áireamh). Áiritheoidh príomhoide na scoile go gcomhlánaítear na foirmeacha IR1 agus IR3 de réir mar is cuí agus go gcuirtear ar aghaidh iad chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Más tionóisc mharfach í, is gá nach gcuirtear isteach ar shuíomh na tionóisce ar feadh trí lá i ndiaidh fógra a thabhairt, ach amháin ar chúiseanna tarrthála.
- c) Ba cheart do bhaill foirne eolas a chur ar **chomhairle Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Aguisín 8)** maidir le gearrthacha agus doirtí sreabháin coirp i dtimpeallacht na scoile a bhainistiú.
- d) Caithfear tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas i gcónaí má tharlaíonn gortú cinn de chineál ar bith do dhalta, fiú amháin má tá an chuma ar an scéal gur miontionóisc amach is amach atá i gceist.
- e) Coinnítear baill foirne ar an eolas ag cruinnithe foirne maidir le nósanna imeachta agus prótacail i ndáil le cleachtais reatha garchabhrach.

7. Treoir, Oiliúint agus Maoirseacht

Cuireann Gael-Choláiste Chill Dara oiliúint ar fáil don fhoireann i ndáil le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair. Áirítear ar an treoir sin treoir le haghaidh na foirne uile maidir le conas measúnú riosca a dhéanamh agus treoir le haghaidh grúpaí níos lú/daoine aonair sa garchabhair, nó maidir le conas trealamh speisialaithe nó cúrsaí ar líne a úsáid go sábháilte.

Bíonn treoir leanúnach agus múscailt feasachta i scoileanna maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ina chabhair chun meon aigne na sábháilteachta a chothú i measc baill Ghael-Choláiste Chill Dara, idir bhaill foirne, conraitheoirí, cuairteoirí agus daltaí.

Chomh maith le hoiliúint fhoirmiúil, tá réimse gearrchúrsaí ar líne a mhúsclaíonn feasacht agus atá saor in aisce ar fáil do scoileanna ar thairseach ríomhfhoghlama an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta: <https://hsalearning.ie> Spreagtar baill foirne uile chun leas a bhaint as na cúrsaí sin. Dírítear cúrsaí ar fhostóirí agus fostaithe agus iad siúd a bhfuil ról sábháilteachta acu i dtimpeallacht na scoile. Féadfaidh múinteoirí rochtain a fháil ar chúrsaí le haghaidh daltaí atá ag ullmhú don áit oibre. Is féidir treoir agus foilseacháin mhionsonraithe maidir le réimse leathan ábhar a íoslódáil ó www.hsa.ie.

Tá tionóil, seisiúin faisnéise ionduchtúcháin agus treoir agus taispeántais réamhranga maidir le réimsí praiticiúla i measc na mbealaí ar fad atá socruithe treoracha, oiliúna agus maoirseachta á ndéanamh ag foireann na scoile cheana féin agus nach dteastaíonn rannpháirtíocht ón taobh amuigh.

7.1 Oiliúint

Coinneofar taifead d'oiliúint ar bith a chuirtear ar fáil. Coinneoidh an scoil taifid maidir le hoiliúint sláinte agus sábháilteachta. Soláthróidh an scoil an oiliúint seo a leanas de réir mar is cuí, amhail oiliúint sábháilteachta ionduchtúcháin le haghaidh foirne nua, oiliúint ar láimhsiú sábháilte agus sábháilteacht dóiteáin chomh maith le oiliúint um bainistíocht chun a chinntiú go bhfuil sé ar chumas foirne sinsearaí a ndualgas agus freagrachtaí sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh. Cuirfear oiliúint ionduchtúcháin ar phearsanra nua uile.

Tugtar eolas, treoir agus oiliúint leordhóthanach don foireann i ndáil le trealamh oibre agus próisis oibre a d'fhéadfadh cur isteach ar a sláinte agus sábháilteacht.

Braitheann an oiliúint a chuirtear ar fáil ar dhualgas oibre an fhostaí, e.g.

- Daoine ag Obair Os Ard
- Oiliúint sa Gharchabhair Oibre

7.2 Taifid Oiliúna

Coinneoidh an scoil taifead reatha maidir le hoiliúint sláinte agus sábháilteachta gach fostaí ar leith. Coinneofar na taifid oiliúna ar feadh tréimhse éiginnte.

Cuirfear an fhaisnéis seo a leanas san áireamh sna taifid oiliúna:

- Dáta na hoiliúna ionduchtúcháin
- Dáta na dtreoracha nó an chleachtaidh
- Ainm an teagascóra/oiliúnóra agus ról
- Ainm an duine a chuaigh faoi oiliúint

7.3 Láimhsiú Sábháilte

Áirítear in oibríochtaí láimhsithe sábháilte ualach ar bith a iompar de láimh nó tríd an gcorp a úsáid chun ualach a thacú nó a bhogadh le forneart. Áirítear leis sin ualach ar bith a ardú, a íslíú, a bhrú, a tharraingt, a iompar, a thacú nó a bhogadh.

Sainmhíniú ar théarmaí áirithe;

- *Ualach* - rud is féidir a bhogadh.
- *Oibríochtaí a bhaineann le Láimhsiú* - rud ar bith a éilíonn iarracht fhisiceach dhíreach ón duine.

LÁIMHSIÚ A SHEACHAINT

Treoir Achomair

Más rud é go sainaithnítear oibríocht láimhsithe mar riosca, ní mór breithniú a dhéanamh ar chéimiúlachta na roghanna seo a leanas:

1. Ar dtús, déan breithniú ar an gá atá le láimhsiú a dhíothú ar fad.
2. An chéad rogha eile mura féidir láimhsiú a sheachaint ná go ndéanfar an oibríocht nó an tasc go huathoibríoch, (seans nach mbeidh sé sin indéanta; mar sin, ba cheart áiseanna meicniúla a imscrúdú agus a aithint). Cé go laghdaítear na rioscaí láimhsithe tríd an tasc a dhéanamh go huathoibríoch nó trí áiseanna meicniúla a úsáid, nó déan dearmad go bhféadfadh go méadaítear rioscaí eile agus mar sin, go gcaithfear measúnuithe riosca a dhéanamh orthu sin, e.g. measúnuithe riosca ginearálta.
3. Is é an chéad rogha eile ná breithniú a dhéanamh ar an áit oibre a athchóiriú, i.e. nithe troma a stóráil ag leibhéal na coime, nuair is féidir, nó nithe a úsáidtear go coitianta a stóráil díreach in aice leis an bpointe úsáide. Déan breithniú ar ualach eile a roghnú.

Má táthar tar éis breithniú a dhéanamh ar na pointí thuasluaite nó iad a chur i bhfeidhm agus go bhfuil rioscaí maidir le láimhsiú fós ann, ba cheart oiliúint a chur ar na baill foirne i gceist maidir leis na teicnící a bhaineann le ualaí a bhogadh agus a láimhsiú.

Beart le glacadh

Déan measúnú ar na rioscaí

Déan na rioscaí a dhíothú ag an bhfoinse nó

Uathoibriú nó áiseanna meicniúla le húsáid nó

Déan iniúchadh ar an deis atá ann an timpeallacht oibre a athchóiriú

Oiliúint a chur ar an bhfoireann maidir le bogadh agus láimhsiú

AN BAOL DÍOBHÁLA A LAGHDÚ

I gcás nach féidir le baill foirne Ghael-Choláiste Chill Dara oibríochtaí láimhsithe lena mbaineann riosca díobhála de bharr láimhsithe a sheachaint, caithfidh baill foirne na bearta iomchuí a ghlacadh chun an riosca a laghdú go dtí an leibhéal is ísle agus is féidir.

Beart le glacadh

Feabhas a chur ar athchóiriú na háite oibre

Feabhas a chur ar na gnáthaimh oibre

Déan an láimhsiú fad is atá daoine ina a suí a dhíothú/laghdú

Déan breithniú ar láimhsiú foirne

Déan ualaí níos éadroime, níos lú agus níos éasca lena láimhsiú

Cuir feabhas ar lámha agus greamáin ar ualaí atá le láimhsiú

Déan baic ar staidiúir a fheabhsú

Déan cinnte nach mbíonn páirteach san oibríocht ach baill foirne atá sláintiúil go leor

Tá eolas maidir le Láimhsiú Sábháilte le fáil in **Aguisín 9**

8. Cumarsáid agus Comhairliúchán

8.1 Cumarsáid

Tugann Gael-Choláiste Chill Dara cuireadh don Fhoireann cur leis an bpróiseas measúnaithe riosca agus le hathbhreithniú ar bith a dhéantar ar an ráiteas sábháilteachta (uair sa bhliain de ghnáth nó nuair a tharlaíonn athruithe). Is féidir é sin a dhéanamh trí chruinnithe an choiste sábháilteachta ina mbíonn ionadaithe de bhainistíocht na scoile, den fhoireann teagaisc agus den fhoireann neamhtheagaisc. Tá an Beartas Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa ar fáil sa Seomra Foirne agus cuirtear an Fhoireann ar fad ar an eolas faoi ábhar an Ráitis Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa ag cruinne foirne iomlán agus cuirtear cóip leictreonach ar fáil do gach ball foirne.

Cuirtear ar taispeáint in áiteanna iomchuí sa scoil póstaeir agus fógraí maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa; nósanna imeachta éigeandála; éalaithe dóiteáin; agus pointe tionóil.

8.2 Comhairliúchán

Éascaítear an Fhoireann chun cur le feabhsuithe ó thaobh cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhainistiú ar na bealaí seo a leanas:

- ionadaí sábháilteachta a roghnú
- coiste sábháilteachta a bhunú
- post freagrachta a bhunú le haghaidh cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa (oifigeach sábháilteachta)
- córas comhaontaithe a chur i bhfeidhm chun bainistíocht na scoile a chur ar an eolas maidir le cúrsaí práinneacha sábháilteachta, sláinte agus leasa.

Is próiseas leanúnach é bhainistiú na sábháilteachta, sláinte agus leasa.

Tá treoir ar fáil in **Aguisín 10** do bhaill foirne a oibríonn taobh amuigh de ghnáth-uaire scoile.

9. Monatóireacht, Athbhreithniú agus Nuashonrú

Áiritheoidh Gael-Choláiste Chill Dara go ndéantar monatóireacht ar a fheidhmíocht sábháilteachta agus go ndéantar córais a athbhreithniú de réir mar is cuí. Bainfear é sin amach sa bhealach seo a leanas:

- i. Bheifí ag súil go gcuirfidh fostaithe uile Príomhoide na Scoile ar an eolas maidir le réimse ar bith den bheartas sláinte, sábháilteachta agus leas más rud é go bhfeictear dóibh nach bhfuil sé leordhóthanach agus a iarraidh go ndéanfar leasú ar an Ráiteas Sábháilteachta;
- ii. Cuirfear an t-eolas sin in iúl don bhainistíocht go díreach nó tríd an gCoiste Sábháilteachta agus leis sin, áiritheofar go mbeidh monatóireacht á dhéanamh ar an Ráiteas Sábháilteachta ar bhonn leanúnach;
- iii. Áiritheoidh Príomhoide na Scoile go ndéantar an Ráiteas Sábháilteachta a nuashonrú ar bhonn rialta (chun léiriú a dhéanamh ar athruithe ó thaobh reachtaíochta, foirne nó cleachtas oibre, srl.) agus cuirfear fostaithe ar an eolas maidir leis na hathruithe.
- iv. Tabharfaidh an scoil faoi imscrúduithe sábháilteachta ar bhonn rialta agus measúnú riosca a eagrú maidir le nithe a bhaineann Ard-Riosca, Meán-Riosca nó Riosca Íseal leo agus creat ama chun tabhairt faoi na nithe sin, in éineacht leis an duine a bhfuil sé de dhualgas air/uirthi na bearta ceartaitheach is gá a chur i bhfeidhm.

Tionólfar Coiste Sábháilteachta Ghael-Choláiste Chill Dara ar bhonn rialta.

Treoirínte an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta maidir le Scoileanna

Agus an ráiteas seo á fhorbairt, cloítear leis an teimpléid agus treoir a ghabhann le Treoirínte an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta maidir le Bainistiú Sábháilteachta agus Sláinte in Iar-Bhunscoileanna síos tríd.

www.hsa.ie/publications

www.education.ie